Clár atá Bunaithe ar Fhostaíocht, 2016 – Sreabhchairt Iarratais

Cláraíonn an t-iarratasóir ar SmartSimple (https://irishresearch.smartsimple.ie)

Seoltar ríomhphost uathoibríoch ó ircapps@research.ie. Bíonn na sonraí logála isteach le haghaidh phróiseas an iarratais ar líne ann.

Úsáideann an t-iarratasóir sonraí nua logála isteach le teacht ar an gcóras. Cruthaíonn iarratasóir an fhoirm bhainteach i rannóg na nGairmeacha Oscailte dá p(h)róifíl. Cláraíonn an tIarratasóir agus sannann sé/sí Maoirseoir Acadúil, Meantóir Fostaíochta agus beirt Mholtóirí. Caithfear Maoirseoirí Acadúla a chlárú ar an gcóras ar líne trí Oifig Taighde an IA. Seolann an t-iarratasóir an fhoirm chomhlánaithe isteach faoin spriocdháta luaite.

Seoltar ríomhphost uathoibríoch chuig an Maoirseoir Acadúil, an Meantóir Fostaíochta agus na Moltóirí le sonraí ar an gcaoi leis an teistiméireacht bhainteach a chomhlánú.

Comhlánaíonn an Maoirseoir Acadúil, an Meantóir Fostaíochta agus Moltóirí teistiméireachtaí faoin spriocdháta luaite. (Tabhair do d'aire: Faigheann moltóirí teacht ar an gcóras nuair a shanntar iad d'iarratas den chéad uair.)

Seoltar ríomhphost uathoibríoch chuig an Maoirseoir Acadúil, an Meantóir Fostaíochta agus na Moltóirí le deimhniú gur comhlánaíodh teistiméireachtaí bainteacha.

Imíonn spriocdháta seolta isteach an Mhaoirseora Acadúil, an Mheantóra Fostaíochta agus na Moltóirí.Formhuiníonn nó diúltaíonn an Oifig Taighde don iarratas faoin spriocdháta luaite.

Seiceáiltear incháilitheacht an iarratais. Má chloíonn an t-iarratas leis na critéir incháilitheachta, leantar ar aghaidh chun é a mheasúnú. Mura gcloíonn an t-iarratas leis na critéir cháilitheachta, seoltar ríomhphost chuig an iarratasóir ina luaitear go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach gcuirfear ar aghaidh é le haghaidh measúnú.